Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8538/1/26**
**REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0348(CNS)**

**FISC 147**
**ECOFIN 523**
**EPPO 19**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann le rochtain Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) ar fhaisnéis faoi cháin bhreisluacha ar leibhéal an Aontais<br>- Cur chuige ginearálta |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 14 Samhain 2025, chuir an Coimisiún an méid seo a leanas faoi bhráid na Comhairle: togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann le rochtain Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) ar fhaisnéis faoi cháin bhreisluacha (CBL) ar leibhéal an Aontais.[1]

2. Moltar sa togra go leasófaí Rialachán 904/2010[2], lena rialaítear comhar riaracháin idir na Ballstáit sa réimse CBL, chun an comhar idir Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus na Ballstáit a neartú. Sholáthródh sé bunús dlí chun faisnéis a mhalartú agus chun rochtain a fháil ar shonraí CBL a bhailítear ar leibhéal an Aontais, rud a chuirfeadh feabhas ar chumas an Aontais calaois a chomhrac.

---

1 15453/25.
2 Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 an 7 Deireadh Fómhair 2010 ón gComhairle maidir le comhoibriú riaracháin agus calaois a chomhrac sa réimse maidir le cáin bhreisluacha (athmhúnlú), IO L 268, 12.10.2010, lch. 1.

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus le Parlaimint na hEorpa maidir leis an Togra. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim an 18 Feabhra 2026[3]. Tá tuairim Pharlaimint na hEorpa ar feitheamh.

## II. STAID NA hIMEARTHA SA CHOMHAIRLE

4. Cuireadh an togra i láthair ag an Meitheal um Cheisteanna Cánach (Cánachas Indíreach – CBL) (WPTQ) an 16 Eanáir 2026, agus rinneadh plé airteagal ar airteagal ina dhiaidh sin. Rinneadh dianphlé ar thuairim an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (MECS) maidir leis an togra agus maidir leis an tionchar ar Eurofisc. Thairis sin, arna iarraidh sin do roinnt Ballstát, iarradh ar OIPE agus ar OLAF freastal ar an Meitheal um Cheisteanna Cánach an 4 Márta 2026 chun a gcuid oibre a chur i láthair agus chun léargas níos fearr a thabhairt ar chomhthéacs an togra ón gCoimisiún chun an creat dlíthiúil atá ann cheana a leasú.

5. Ag an am céanna, chuir an Uachtaránacht roinnt téacsanna comhréitigh faoi bhráid na Meithle, go príomha chun foráil a dhéanamh do choimircí breise maidir le rochtain ar shonraí i gcomhréir le moltaí MECS.[4] Thairis sin, soiléiríodh cur i bhfeidhm an Rialacháin atá beartaithe do na Ballstáit nach bhfuil rannpháirteach in OIPE agus freagrachtaí Eurofisc, OIPE agus OLAF maidir le faireachán a dhéanamh ar an rochtain ar shonraí, sonraíodh an cuspóir ar chuige a fhéadfaidh OLAF an rochtain a úsáid, agus tugadh foirmeacha caighdeánacha isteach chun tuarascálacha anailíse ar leith de chuid Eurofisc a tharchur.

---

3 6831/26.
4 5541/26.

6. Tríd is tríd, ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí an obair a rinne an Uachtaránacht ar na téacsanna. Ag an Meitheal um Cheisteanna Cánach an 31 Márta 2026, thacaigh formhór mór na dtoscaireachtaí leis an téacs comhréitigh, ach d'iarr roinnt toscaireachtaí mionathruithe ar an téacs fós. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Cheisteanna Cánach (Ardleibhéal) an 24 Aibreán 2026, bhí beagnach gach toscaireacht in ann tacú leis an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht a ndearnadh athbhreithniú beag air, faoi réir roinnt forchoimeádas grinnscrúdaithe.

7. An 29 Aibreán 2026, rinne an Coimisiún dhá ráiteas atá le cur san áireamh i miontuairiscí Coreper agus na Comhairle (féach an t-aguisín a ghabhann leis an nóta seo), maidir le roinnt gnéithe den Rialachán. Ag an gcruinniú a bhí ag Coreper an lá céanna, bhain na toscaireachtaí uile, seachas ceann, a bhforchoimeádas.

## III. CONCLÚID

8. Cé go gcreideann an Uachtaránacht gur comhréiteach a cuireadh le chéile go cúramach é an téacs atá i gceangal le 8538/26, chinn sí go raibh gá le tuilleadh athruithe chun teacht ar chomhaontú d'aon toil maidir leis an téacs. I bhfianaise an mhéid sin, iarrann an Uachtaránacht ar an gComhairle (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) teacht ar chur chuige ginearálta ar bhonn an téacs atá san iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo ag an gcruinniú a bheidh aici an 5 Bealtaine 2026.

**IARSCRÍBHINN**

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann le rochtain Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) ar fhaisnéis faoi cháin bhreisluacha ar leibhéal an Aontais**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 113 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa[5],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[6],

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

---

[5] IO C, , lch. .
[6] IO C, , lch. .

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle[7], leagtar síos rialacha maidir le faisnéis shonrach a stóráil agus a mhalartú trí mhodhanna leictreonacha i réimse na cánach breisluacha (CBL) a d’fhéadfadh cuidiú le measúnú ceart ar CBL a chur i bhfeidhm, faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart CBL, go háirithe ar idirbhearta laistigh den Chomhphobal, agus calaois CBL a chomhrac. Mar sin féin, ní dhéantar foráil ann maidir le rialacha lena rialaítear an rochtain a fhaigheann Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) ar an bhfaisnéis sin chun a cúraimí a fheidhmiú de bhun Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle[8], ná an rochtain a fhaigheann an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) ar an bhfaisnéis sin chun a cúraimí a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9].

---

7 Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2010 maidir le comhar riaracháin agus calaois a chomhrac i réimse na cánach breisluacha (IO L 268, 12.10.2010, lch. 1).1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/904/oj).

8 Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (‘OIPE’) (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1939/oj).

9 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/883/oj).

(2) De bhun Airteagal 24(1) de Rialachán (AE) 2017/1939, tuairisceoidh institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus údaráis na mBallstát atá inniúil faoin dlí náisiúnta is infheidhme do OIPE, gan moill mhíchuí, aon iompar coiriúil, lena n-áirítear calaois CBL trasteorann, a bhféadfadh sé a inniúlacht a fheidhmiú ina leith i gcomhréir le hAirteagal 22 agus Airteagal 25(2) agus (3) den Rialachán sin. Baineann calaois CBL trasteorann, de réir mar a thuigfí é, le roinnt Ballstát, agus d'fhéadfadh sé nach leor an sreabhadh faisnéise ó Bhallstáit aonair chuig OIPE, i gcásanna áirithe, chun forléargas tráthúil agus cuimsitheach ar chalaois CBL trasteorann ar leibhéal an Aontais a áirithiú. Dá bhrí sin, chun OIPE a chur ar an eolas faoi rioscaí calaoise CBL ar leibhéal an Aontais ar bhealach níos tráthúla agus chun a inniúlacht a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, is gá na módúlachtaí a leagan amach ar bhealach níos mionsonraithe faoinar cheart do na Ballstáit, laistigh de líonra Eurofisc dá dtagraítear in Airteagal 33 de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010, torthaí phróiseáil agus anailís chomhpháirteach Eurofisc a tharchur chuig OIPE i bhfoirm tuarascálacha anailíse Eurofisc maidir le scéimeanna calaoiseacha trasteorann amhrasta.

(2a) Agus tuarascálacha anailíse Eurofisc á dtarraingt suas, níor cheart do Eurofisc a áireamh ach an fhaisnéis a bhfuil fíorghá léi chun go mbeidh OIPE in ann measúnú a dhéanamh ar cé acu a fheidhmeoidh nó nach bhfeidhmeoidh sé a inniúlacht. Maidir le tuarascálacha anailíse Eurofisc, chun na critéir ar ar a mbonn ba cheart iad a tharraingt suas agus an fhaisnéis ba cheart a áireamh iontu a shainiú, agus chun foirm chaighdeánach a bhunú dá dtarchur, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Agus an dréachtghníomh cur chun feidhme á ullmhú, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle le Eurofisc.

(2b) Thairis sin, de bhun Airteagal 24(9) de Rialachán (AE) 2017/1939, i gcásanna sonracha, féadfaidh OIPE tuilleadh faisnéise ábhartha a iarraidh a bheidh ar fáil d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus d'údaráis na mBallstát. Dá bhrí sin, is iomchuí na rialacha a leagan amach faoinar cheart do Eurofisc faisnéis maidir le calaois CBL trasteorann a chur in iúl do OIPE tar éis iarraidh a fháil ó OIPE.

(3) De bhun Airteagal 43(1) de Rialachán (AE) 2017/1939, ní mór do na hIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha a bheith in ann aon fhaisnéis ábhartha a stóráiltear i mbunachair sonraí náisiúnta um imscrúduithe coiriúla agus um fhorfheidhmiú an dlí, chomh maith le cláir ábhartha eile na n-údarás poiblí, a fháil faoi na coinníollacha céanna leis na coinníollacha sin a bhfuil feidhm acu faoin dlí náisiúnta i gcásanna comhchosúla. De bhun Airteagal 43(2) den Rialachán sin, beidh OIPE in ann aon fhaisnéis ábhartha a thagann faoina inniúlacht agus a stóráiltear i mbunachair sonraí agus i gcláir institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais a fháil freisin. De réir mar a thuigfí é, tá baint ag roinnt Ballstát le calaois CBL trasteorann agus, i roinnt cásanna, d'fhéadfadh sé nach leor rochtain ar leibhéal na mBallstát ar fhaisnéis ábhartha a stóráiltear i mbunachair sonraí náisiúnta do OIPE chun calaois CBL a chomhrac ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, gan dochar d'Airteagal 43 de Rialachán (AE) 2017/1939, chun go mbeidh rochtain ag OIPE ar an bhfaisnéis ábhartha ar leibhéal an Aontais ar bhealach níos tráthúla agus chun a shainordú rialála a chomhlíonadh agus calaois a chomhrac ar leibhéal an Aontais, tá sé tábhachtach na rialacha a shainiú faoinar cheart do OIPE rochtain a bheith aige ar fhaisnéis ábhartha CBL ar leibhéal an Aontais ó na bunachair sonraí ábhartha agus ó chláir na n-údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 1(1) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle.

(3a) Ar an gcúis chéanna, tá sé tábhachtach rochtain láraithe a thabhairt do OIPE, le haghaidh cuardaigh spriocdhírithe de réir an cháis, ar an bhfaisnéis ábhartha a bhaineann le himscrúdú trí phointe iontrála aonair, fiú má bhaineann an fhaisnéis sin le roinnt Ballstát. Ba cheart an rochtain láraithe sin a theorannú go docht do chuardaigh spriocdhírithe atá nasctha le cásanna sonracha agus níor cheart fiosrúcháin ná faireachán randamach nó ginearálaithe ar fhaisnéis CBL a bheith i gceist léi. Is de chineál eisceachtúil í an rochtain láraithe sin ar bhunachair sonraí riaracháin chun críoch breithiúnach agus forfheidhmithe dlí agus tá údar léi mar gheall ar chomhrac na calaoise CBL trasteorann agus níor cheart míthuiscint a bhaint aisti mar fhasach do chur i bhfeidhm níos ginearálta.

(3b) Chun a chúraimí a chomhlíonadh, oibríonn OIPE go dlúth leis na húdaráis náisiúnta ábhartha a chuidíonn agus a thacaíonn go gníomhach le himscrúduithe agus ionchúisimh OIPE i gcomhréir le hAirteagal 5(6) de Rialachán (AE) 2017/1939. Soláthraíonn OIPE aiseolas freisin agus, i gcás inarb ábhartha, téann sé i gcomhairle leis na húdaráis inniúla náisiúnta i gcomhréir leis na forálacha is infheidhme den Rialachán sin, lena n-áirítear faoi Airteagal 5(6), Airteagal 25, míreanna 1 go 3, Airteagal 27(7) agus Airteagal 34, míreanna 1 go 4.

(4) Tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit nach bhfuil rannpháirteach in OIPE, faoi phrionsabal an chomhair dhílis a chumhdaítear in Airteagal 4(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, tacú le gníomhaíochtaí OIPE agus staonadh ó aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh baint amach a chuspóirí a chur i mbaol. Tá Eurofisc comhdhéanta de na Ballstáit atá rannpháirteach in OIPE agus nach bhfuil rannpháirteach ann. D'fhéadfadh calaois CBL trasteorann a bheith ar fud gach Ballstáit agus ní mór do OIPE léargas iomlán a bheith aige ar na líonraí calaoiseacha. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach do OIPE faisnéis ábhartha CBL a fháil arna malartú na mBallstát laistigh de Eurofisc agus ó bhunachair sonraí agus ó chláir na n-údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 1(1) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle gan dochar d'inniúlachtaí OIPE faoi Rialachán (AE) 2017/1939. Ní dhéanann an Rialachán seo difear do raon feidhme inniúlachtaí OIPE, mar a shainítear i Rialachán (AE) 2017/1939.

(5) Mhol Cúirt Iniúchóirí na hEorpa don Choimisiún agus do na Ballstáit deireadh a chur le bacainní dlí lena gcuirtear cosc ar mhalartú faisnéise idir údaráis riaracháin, bhreithiúnacha agus forfheidhmithe dlí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus go háirithe go dtabharfaí rochtain do OLAF ar chóras malartaithe faisnéise CBL (VIES) agus ar shonraí Eurofisc[10]. I ndáil leis sin, tá sé tábhachtach go mbeadh bunús dlí soiléir ag an rochtain lárnach ar bhunachair sonraí agus ar chláir ábhartha na n-údarás inniúil dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle.

---

[10] Tuarascáil Speisialta Uimh. 24/2015 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, *Tackling intra-Community VAT fraud*: *More action needed* [Dul i ngleic le calaois CBL laistigh den Chomhphobal: ní mór a bheith níos gníomhaí] (https://www.eca.europa.eu/en/publications/SR15_24).

(6) Chun go mbeidh OLAF ar an eolas faoi chalaois amhrasta CBL a bhaineann le custaim agus a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais agus chun go bhfeidhmeoidh sé a shainordú rialála, ní mór na rialacha mionsonraithe a leagan amach faoinar cheart do na Ballstáit, laistigh de líonra Eurofisc dá dtagraítear in Airteagal 33 de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010, torthaí phróiseáil agus anailís chomhpháirteach Eurofisc a thabhairt do OLAF i bhfoirm tuarascálacha anailíse Eurofisc maidir le scéimeanna calaoiseacha amhrasta trasteorann. Ina theannta sin, ba cheart do Eurofisc faisnéis maidir le calaois trasteorann CBL a bhaineann le custaim agus a d’fhéadfadh dochar a dhéanamh do leasanna airgeadais an Aontais a chur in iúl do OLAF tar éis iarraidh a fháil ó OLAF.

(6a) Agus tuarascálacha anailíse Eurofisc á dtarraingt suas, níor cheart do Eurofisc a áireamh ach an fhaisnéis a bhfuil fíorghá léi chun go mbeidh OLAF in ann measúnú a dhéanamh ar cé acu a fheidhmeoidh nó nach bhfeidhmeoidh sé a inniúlacht. Maidir le tuarascálacha anailíse Eurofisc, chun na critéir ar ar a mbonn ba cheart iad a tharraingt suas agus an fhaisnéis ba cheart a áireamh iontu a shainiú, agus chun foirm chaighdeánach a bhunú dá dtarchur, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Agus an dréachtghníomh cur chun feidhme á ullmhú, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle le Eurofisc.

(7) Nuair atá dóthain amhrais ann go ndearnadh calaois i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, tá an ceart le bheith ag OLAF rochtain a fháil ar aon fhaisnéis ábhartha atá i mbunachair sonraí atá i seilbh na n-institiúidí, na gcomhlachtaí, na n-oifigí nó na ngníomhaireachtaí agus prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta á n-urramú ag an am céanna. Tá an ceart rochtana sin le feidhmiú faoi na coinníollacha a leagtar amach i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013. Dá bhrí sin, chun go mbeidh OLAF in ann rochtain a fháil ar fhaisnéis CBL ábhartha ar leibhéal an Aontais a d'fhéadfadh a bheith ábhartha maidir le himscrúduithe riaracháin chun a inniúlacht a fheidhmiú, tá sé tábhachtach na rialacha a shainiú faoinar cheart do OLAF rochtain a fháil ar fhaisnéis CBL ábhartha ar leibhéal an Aontais ó bhunachair sonraí ábhartha agus ó chláir na n-údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 1(1) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010.

(7a) Ar an gcúis chéanna, tá sé tábhachtach rochtain láraithe a thabhairt do OLAF, le haghaidh cuardaigh spriocdhírithe de réir an cháis, ar an bhfaisnéis ábhartha a bhaineann le himscrúdú trí phointe iontrála aonair, fiú má bhaineann an fhaisnéis sin le roinnt Ballstát. Ba cheart an rochtain láraithe sin a theorannú go docht do chuardaigh spriocdhírithe atá nasctha le cásanna sonracha agus níor cheart fiosrúcháin ná faireachán randamach nó ginearálaithe ar fhaisnéis CBL a bheith i gceist léi. Is de chineál eisceachtúil í an rochtain láraithe sin ar bhunachair sonraí riaracháin chun imscrúduithe riaracháin a bhaineann le custam a dhéanamh agus tá údar maith léi chun a sainordú a chomhlíonadh agus níor cheart míthuiscint a bhaint aisti mar fhasach do chur i bhfeidhm níos ginearálta.

(7b) Chun a chúraimí a chomhlíonadh, oibríonn OLAF go dlúth leis na húdaráis náisiúnta ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 1(2) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013. Soláthraíonn OLAF aiseolas freisin agus, i gcás inarb ábhartha, téann sé i gcomhairle leis na húdaráis inniúla náisiúnta i gcomhréir leis na forálacha is infheidhme den Rialachán sin, lena n-áirítear faoi Airteagal 12(1) agus Airteagal 12(5).

(8) Tá faisnéis maidir le hidirbhearta laistigh den Chomhphobal, íocaíochtaí trasteorann agus allmhairithe atá díolmhaithe ó CBL tábhachtach don chomhrac i gcoinne na calaoise. Is iad na húdaráis inniúla náisiúnta a bhailíonn an fhaisnéis sin. Maidir le cosaint sonraí pearsanta, tá an Coimisiún, mar phróiseálaí sonraí, ag éascú mhalartú na faisnéise sin agus gníomhaíonn na húdaráis inniúla sna Ballstáit mar rialaitheoirí sonraí, faoi Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11] agus Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12] faoi seach. Ba cheart rochtain láraithe OIPE agus OLAF ar fhaisnéis CBL ar leibhéal an Aontais a thabhairt gan dochar do róil agus freagrachtaí na n-údarás inniúil sna Ballstáit dá dtagraítear in Airteagal 1(1) de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 maidir le cosaint sonraí pearsanta faoi Rialachán (AE) 2016/679. Tá OIPE agus OLAF faoi cheangal ag na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta faoi Rialachán (AE) 2018/1725, lena n-áirítear prionsabail na comhréireachta agus na cuntasachta, cur chun feidhme beart iomchuí teicniúil agus eagraíochtúil, agus maoirseacht arna dhéanamh ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí. Is í an fhaisnéis atá faoi réir cuardaigh spriocdhírithe arna ndéanamh ag OIPE agus OLAF trí rochtain láraithe an fhaisnéis maidir le huimhreacha aitheantais CBL, idirbhearta laistigh den Chomhphobal, allmhairí atá díolmhaithe ó CBL a bhaineann leis an Ionad Ilfhreastail Allmhairiúcháin (IOSS) agus allmhairithe faoi nós imeachta custaim 42/63 agus faisnéis íocaíochta a stóráiltear i gcóras CESOP. Níl an fhaisnéis a stóráiltear laistigh de chóras Anailíse ar Líonraí Idirbheart Eurofisc le bheith faoi réir cuardaigh spriocdhírithe arna ndéanamh ag OIPE ná ag OLAF.

---

11 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

12 Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

(9) Chun an rochtain ar shonraí pearsanta a chosaint, níor cheart ach do na hIonchúisitheoirí Eorpacha, do na hIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha, chomh maith le baill foirne roghnaithe OIPE agus OLAF, a d'údaraigh OIPE agus OLAF faoi seach roimhe sin, rochtain a fháil ar fhaisnéis CBL chun a gcúraimí a chur i gcrích. Chun críoch faisnéise ba cheart rochtain a bheith ag údaráis inniúla na mBallstát ar na logaí iniúchóireachta den rochtain a dhéanann OIPE agus OLAF, lena n-áirítear gach rochtain ar cháschomhaid nithiúla imscrúdaithe agus ar úsáideoirí a shannadh. Tá na codanna ábhartha den loga iniúchóireachta le cur ar fáil freisin do OIPE agus do OLAF chun críoch sásraí rialaithe inmheánaigh a mhéid a bhaineann le rochtain cheart ar shonraí agus úsáid cheart sonraí, i gcomhréir leis an reachtaíocht cosanta sonraí is infheidhme, a ndéanann na hoifigigh cosanta sonraí ainmnithe dá dtagraítear in Airteagal 77(1) de Rialachán OIPE agus in Airteagal 10(4) de Rialachán OLAF faireachán ar a gcomhlíonadh. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an rochtain sin, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i ndáil leis na mionsonraí teicniúla a bhaineann leis an rochtain láraithe, na bearta teicniúla cosanta sonraí, ceanglais an loga iniúchóireachta agus na socruithe praiticiúla chun rochtain a fháil air. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13].

(10) Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe, an ceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a chosaint.

---

[13] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún, (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13), 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj

(11) Ós rud é gur gá na córais, an bonneagar agus na modhanna teicniúla lena n-éascaítear malartú faisnéise CBL ar leibhéal an Aontais a oiriúnú chun rochtain shlán a thabhairt do OIPE agus do OLAF, is gá cur i bhfeidhm na bhforálacha ábhartha a chur siar chun go mbeidh an Coimisiún, OIPE agus OLAF in ann na hoiriúnuithe is gá a dhéanamh. Ba cheart leis sin breithniú a dhéanamh ar na dátaí ar a mbeidh VIES lárnach i bhfeidhm agus a gcuirfear deireadh de réir a chéile le VIES oidhreachta. Ba cheart do OIPE agus OLAF a bheith freagrach as na costais a bhaineann leis an mbonneagar ábhartha agus na modhanna teicniúla ábhartha a bhunú agus a chothabháil chun rochtain shlán a fháil ar fhaisnéis CBL. Agus scrúdú agus meastóireacht á ndéanamh ar fheidhmiú na socruithe le haghaidh comhar riaracháin dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 904/2010, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún aird ar leith a thabhairt ar chur i bhfeidhm praiticiúil agus ar thionchar rochtain láraithe OIPE agus OLAF ar fhaisnéis CBL, lena n-áirítear éifeachtacht na gcóras, an bhonneagair agus na modhanna teicniúla ábhartha.

(12) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh an 7 Eanáir 2026.

(13) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 904/2010**

Leasaítear Rialachán (AE) 904/2010 mar a leanas:

(1) In Airteagal 21, cuirtear an mhír 2c seo a leanas leis:

‘2c. Tabharfaidh gach Ballstát rochtain d’Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) agus don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 49a agus 49b, agus i gcomhréir leis na teorainneacha agus na rialacha a leagtar amach sna hAirteagail sin.’;

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 24d:

*'Airteagal 24d*

1. Tabharfar rochtain ar CESOP d'oifigigh idirchaidrimh Eurofisc, dá dtagraítear in Airteagal 36(1), a mbeidh aitheantas úsáideora pearsanta acu do CESOP agus i gcás ina mbainfidh an rochtain sin le himscrúdú ar chalaois CBL amhrasta nó i gcás inarb é is cuspóir don rochtain sin calaois CBL a bhrath.

2. De mhaolú ar mhír (1), beidh rochtain ag OIPE agus OLAF ar fhaisnéis CESOP i gcomhréir leis na teorainneacha agus na rialacha a leagtar síos in Airteagail 49a agus 49b.';

(3) In Airteagal 24k, cuirtear isteach an mhír 1a seo a leanas:

'1a. Beidh rochtain ag OIPE agus OLAF ar fhaisnéis VIES lárnach i gcomhréir leis na teorainneacha agus na rialacha a leagtar síos in Airteagail 49a agus 49b';

(4) In Airteagal 36, cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

'2a. Cuirfidh Eurofisc in iúl do OIPE, i gcomhréir le hAirteagal 24(1) de Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle* a mhéid a bhaineann leis na Ballstáit atá rannpháirteach in OIPE agus i gcomhréir leis an Airteagal seo a mhéid a bhaineann leis na Ballstáit eile, tuarascálacha sonracha anailíse Eurofisc lena sainaithnítear cásanna de scéimeanna calaoiseacha trasteorann amhrasta mar a shainmhínítear in Airteagal 3(2)(d) de Threoir (AE) 2017/1371 bunaithe ar fhaisnéis arna malartú de bhun an Rialacháin seo agus tar éis a anailíse dá dtagraítear in Airteagal 33, a bhféadfadh OIPE a hinniúlacht a fheidhmiú ina leith. Déanfar tuarascálacha anailíse sonracha Eurofisc a tharraingt suas bunaithe ar na critéir agus trí úsáid a bhaint as an bhfoirm chaighdeánach dá dtagraítear i mír 2e den Airteagal seo. Cuirfear in iúl do OIPE iad gan moill mhíchuí tar éis iad a tharraingt suas.

2b. Le linn imscrúdú nó ionchúiseamh a dhéanfaidh OIPE, agus arna iarraidh sin do OIPE, i gcomhréir le hAirteagal 24(9) de Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na Ballstáit atá rannpháirteach in OIPE agus i gcomhréir leis an Airteagal seo a mhéid a bhaineann leis na Ballstáit eile, cuirfidh Eurofisc aon fhaisnéis ábhartha ó na Ballstáit maidir le calaois CBL trasteorann a mhalartaítear de bhun an Rialacháin seo in iúl do OIPE.

2c. I gcomhréir le hAirteagal 8(2) agus (3) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, cuirfidh Eurofisc in iúl do OLAF tuarascálacha anailíse sonracha Eurofisc ina sainaithnítear cásanna calaoise CBL amhrasta a bhaineann le custaim agus a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais bunaithe ar fhaisnéis ó na Ballstáit a mhalartaítear de bhun an Rialacháin seo agus tar éis a anailíse dá dtagraítear in Airteagal 33, chun a chur ar chumas OLAF gníomhaíocht iomchuí a mheas i gcomhréir lena shainordú. Déanfar tuarascálacha anailíse sonracha Eurofisc a tharraingt suas bunaithe ar na critéir agus trí úsáid a bhaint as an bhfoirm chaighdeánach dá dtagraítear i mír 2e den Airteagal seo. Cuirfear in iúl do OLAF iad gan moill mhíchuí tar éis iad a tharraingt suas.

2d. I gcomhréir le hAirteagal 8(2) agus (3) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus arna iarraidh sin do OLAF, cuirfidh Eurofisc in iúl do OLAF aon fhaisnéis ó na Ballstáit atá ar fáil maidir le calaois CBL amhrasta a bhaineann le custaim agus a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, ar faisnéis í arna malartú de bhun an Rialacháin seo chun cur ar chumas OLAF gníomhaíocht iomchuí a mheas i gcomhréir lena shainordú.

2e. Cinnfidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, na critéir ar ar a mbonn a tharraingeofar suas tuarascálacha anailíse Eurofisc, an fhaisnéis atá le cur san áireamh chun a chur ar chumas OIPE nó OLAF measúnú a dhéanamh ar a n-inniúlacht, agus bunóidh sé an fhoirm chaighdeánach dá dtagraítear i mír 2a agus an fhoirm chaighdeánach dá dtagraítear i mír 2c. Déanfar an gníomh cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 58(2) den Rialachán seo. Agus an dréachtghníomh cur chun feidhme á ullmhú, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le Eurofisc.

---

Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1939/oj).

** Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/883/oj).';

(4a) in Airteagal 49, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Scrúdóidh agus measfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún conas atá na socruithe don chomhar riaracháin dá bhforáiltear sa Rialachán seo ag feidhmiú. Áireofar sa mheastóireacht cur i bhfeidhm praiticiúil Airteagal 36, míreanna (2a) go (2d), agus Airteagail 49a agus 49b. Déanfaidh an Coimisiún taithí na mBallstát a chomhthiomsú leis an aidhm chun feidhmiú na socruithe sin a fheabhsú.';

(5) i gCaibidil XIII, cuirtear isteach na hAirteagail seo:

*'Airteagal 49a*

1. Chun na críocha a shainítear i mír 2(b) den Airteagal seo agus gan dochar d'Airteagal 43 de Rialachán (AE) 2017/1939, tabharfaidh údaráis inniúla na mBallstát rochtain láraithe do OIPE, le haghaidh cuardaigh spriocdhírithe, ar an bhfaisnéis seo a leanas:

(a) Ón 1 Meán Fómhair 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2032, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointí (a), (b) agus (c), den Rialachán seo;

(b) Ón 1 Meán Fómhair 2026, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointí (e) agus (f), den Rialachán seo;

(c) Ón 1 Meán Fómhair 2026, an fhaisnéis a tharchuirtear i gcomhréir le hAirteagal 24b(3) den Rialachán seo;

(d) Ón 1 Iúil 2030, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 24g(2) den Rialachán seo.

2. Tabharfar rochtain láraithe dá dtagraítear i mír 1 i gcás ina gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) ní thugtar an rochtain ach d'Ionchúisitheoirí Eorpacha, d'Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha agus do bhaill foirne sainaitheanta atá údaraithe ag Lároifig OIPE a bhfuil aitheantas pearsanta úsáideora acu le haghaidh na gcóras leictreonach lena gceadaítear rochtain láraithe ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo;

(b) ní thugtar an rochtain ach amháin chun críche an inniúlacht dá dtagraítear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2017/1939 a fheidhmiú;

(c) ní thugtar an rochtain ach amháin i gcás ina bhfuil logaí iniúchóireachta den rochtain ar fáil d'údaráis inniúla na mBallstát chun críoch faisnéise agus do OIPE chun críocha an rialaithe inmheánaigh.

3. Is éard a bheidh sa rochtain láraithe sin rochtain trí phointe iontrála aonair, ar an bhfaisnéis uile a bhaineann le himscrúdú, fiú má bhaineann an fhaisnéis sin le roinnt Ballstát.

4. Cinnfidh an Coimisiún an méid seo a leanas trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme:

(a) na mionsonraí teicniúla maidir le rochtain láraithe ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo lena n-áirítear catagóirí na gcuardach spriocdhírithe is féidir a dhéanamh;

(b) na bearta teicniúla cosanta sonraí lena laghdaítear an riosca maidir le rochtain neamhúdaraithe, cuardaigh neamh-spriocdhírithe nó mí-úsáid, lena n-áirítear sainaithint na n-úsáideoirí dá dtagraítear i mír 2, pointí (a) agus (c), den Airteagal seo, próifílí úsáideoirí, rialuithe rochtana agus sásraí lena n-áirithítear gach rochtain ar cháschomhad nithiúil imscrúdaithe agus ar úsáideoir;

(c) ceanglais an loga iniúchóireachta, lena n-áirítear gach rochtain ar cháschomhad imscrúdaithe nithiúil agus ar úsáideoir a shannadh, agus na socruithe praiticiúla chun rochtain a fháil air.

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 58(2) den Rialachán seo.

5. Is é OIPE a íocfaidh na costais as an mbonneagar agus na modhanna teicniúla a bhunú, a oibriú agus a chothabháil lena gceadaítear rochtain shlán ar an bhfaisnéis dá dtagraítear san Airteagal sin.

*Airteagal 49b*

1. Chun na críocha a shainítear i mír 2(b) den Airteagal seo, tabharfaidh údaráis inniúla na mBallstát rochtain láraithe do OLAF, le haghaidh cuardaigh spriocdhírithe, ar an bhfaisnéis seo a leanas:

   (a) Ón 1 Meán Fómhair 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2032, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointí (a), (b) agus (c), den Rialachán seo;

   (b) Ón 1 Meán Fómhair 2026, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 17(1), pointí (e) agus (f), den Rialachán seo;

   (c) Ón 1 Meán Fómhair 2026, an fhaisnéis a tharchuirtear i gcomhréir le hAirteagal 24b(3) den Rialachán seo;

   (d) Ón 1 Iúil 2030, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 24g(2) den Rialachán seo.

2. Tabharfar rochtain láraithe dá dtagraítear i mír 1 i gcás ina gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

   (a) ní thugtar an rochtain ach do bhaill foirne sainaitheanta arna n-údarú ag OLAF a bhfuil aitheantas úsáideora pearsanta acu le haghaidh na gcóras leictreonach lena gceadaítear rochtain láraithe ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal sin;

   (b) ní thugtar an rochtain ach amháin chun measúnú a dhéanamh ar amhras atá ann go ndearnadh calaois sula n-osclaítear imscrúduithe riaracháin sonracha a bhaineann le custam i gcomhréir le cúraimí OLAF, mar a thagraítear dóibh sin in Airteagal 1(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus chun na himscrúduithe sin a dhéanamh;

   (c) ní thugtar an rochtain ach amháin i gcás ina bhfuil logaí iniúchóireachta den rochtain ar fáil d’údaráis inniúla na mBallstát chun críoch faisnéise agus do OLAF chun críoch rialaithe inmheánaigh.

3. Is éard a bheidh sa rochtain láraithe rochtain trí phointe iontrála aonair, ar an bhfaisnéis uile a bhaineann le himscrúdú, fiú má bhaineann an fhaisnéis sin le roinnt Ballstát.

4. Sonróidh an Coimisiún an méid seo a leanas trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme:

   (a) na mionsonraí teicniúla maidir le rochtain láraithe ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo lena n-áirítear catagóirí na gcuardach spriocdhírithe is féidir a dhéanamh;

   (b) na bearta teicniúla cosanta sonraí lena laghdaítear an riosca maidir le rochtain neamhúdaraithe, cuardaigh neamh-spriocdhírithe nó mí-úsáid, lena n-áirítear sainaithint na n-úsáideoirí dá dtagraítear i mír 2, pointí (a) agus (c), den Airteagal seo, próifílí úsáideoirí, rialuithe rochtana agus sásraí lena n-áirithítear gach rochtain ar cháschomhad nithiúil imscrúdaithe agus ar úsáideoir;

   (c) ceanglais an loga iniúchóireachta, lena n-áirítear gach rochtain ar cháschomhad imscrúdaithe nithiúil agus ar úsáideoir a shannadh, agus na socruithe praiticiúla chun rochtain a fháil air.

   Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 58(2) den Rialachán sin.

5. Is é OLAF a íocfaidh na costais as an mbonneagar agus na modhanna teicniúla a bhunú, a oibriú agus a chothabháil lena gceadaítear rochtain shlán ar an bhfaisnéis dá dtagraítear san Airteagal sin.’.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm agus dáta cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointí (1), (2), (4) agus (5) ón 1 Meán Fómhair 2026 ar aghaidh.

Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointe (3), ón 1 Iúil 2030.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*